

IV

(Fógraí)

FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó
GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

AN CHOMHAIRLE

Fógra ón Aontas Eorpach arna dhéanamh i gcomhréir leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile

(2021/C 117 I/01)

Leis seo, tugann an tAontas Eorpach fógra don Ríocht Aontaithe agus don Choiste Speisialaithe um Fhorfheidhmiú an Dlí agus um Chomhar Breithiúnach maidir leis an méid a leanas i dtaca leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile ("an Comhaontú Trádála agus Comhair").

I. ATHBHREITHNIÚ AR LIOSTA NA N-ÚDARÁS INNIÚIL

Cuirtear na sonraí thíos in ionad na sonraí comhfhreagracha a cuireadh in iúl don Ríocht Aontaithe an 29 Eanáir 2021.

1. **LIOSTA D'FHORÁLACHA AN CHOMHAONTAITHE TRÁDÁLA AGUS COMHAIR A gCEANGLÁITEAR LEO FÓGRA A THABHAIRT AR THEACHT I bhFEIDHM NÓ AR THOSÚ CHUR I bhFEIDHM AN CHOMHAONTAITHE SIN**
 - a) ***Airteagal LAW.OTHER 134(7)(a): Fógra maidir leis na hAonaid um Fhaisnéis Faoi Phaisinéirí arna mbunú nó arna n-ainmniú ag gach Ballstát chun sonraí PNR a fháil agus a phróiseáil faoi Theideal III (Sonraí as an Taifead Ainmneacha Paisinéirí (PNR) a aistriú agus a phróiseáil)***

An Spáinn

Is í an Oifig Náisiúnta Faisnéise Paisinéirí (National Passenger Information Office, Oficina Nacional de Información de Pasajeros, ONIP) an t-údarás náisiúnta atá ann chun sonraí PNR a phróiseáil, bunaithe san Ionad Faisnéise don Fhrithsceimhlitheoireacht agus don Choireacht Eagraithe (Intelligence Centre for Counterterrorism and Organised Crime, Centro de Inteligencia contra el Terrorismo y el Crimen Organizado, CITCO).

Seoladh: Josefa Valcárcel, 28

Ríomhphost: citco.onip@interior.es

Teil +34 915372691 Sala Zar 24/7

- b) ***Airteagal LAW.OTHER 134(7)(b): Fógra maidir leis an údarás atá inniúil de bhua dhlí baile gach Ballstáit chun barántas gabhála a fhorghníomhú***

Poblacht na Seice

1. Municipal Public Prosecutor's Office (i bPrág)
Náměstí 14. října 2188/9
150 00 Praha 5
Teil +420 257 111 611
Facs +420 257 111 723
Ríomhphost: podatelna@msz.pha.justice.cz

An Iodáil

Beidh Cúirteanna Achomhairc (Courts of Appeal) ina n-údaráis inniúla chun barántas gabhála a fhorghníomhú.

- c) ***Airteagal LAW.OTHER 134(7)(b): Fógra maidir leis an údarás atá inniúil de bhua dhlí baile gach Ballstáit chun barántas gabhála a eisiúint***

An Danmhairg

The Director of Public Prosecutions
Frederiksholms Kanal 16, 1220 København K,

+45 72 68 90 00

rigsadvokaten@ankl.dk,

ar an gcoinníoll gur eisigh cúirt Dhanmhargach barántas gabhála Eorpach ar dtús.

- d) ***Airteagal LAW.OTHER 134(7)(c): Fógra maidir leis an údarás atá inniúil as iarratais a fháil ar idirthuras trí chríoch an Bhallstáit i leith duine iarrtha atá á thabhairt suas***

An Iodáil

Is í an Aireacht Dlí agus Cirt -Ard-Stiúrthóireacht Gnóthaí Idirnáisiúnta agus Comhair Bhreithniúnaigh – Oifig I (Comhar Breithniúnach Idirnáisiúnta) (*The Ministry of Justice – Directorate General for International Affairs and Judicial Cooperation – Office I (International Judicial Cooperation)*) a bheidh ina húdarás atá freagrach as iarratais idirthurais agus na doiciméid is gá a fháil, mar aon le haon chomhfhreagras oifigiúil eile maidir le hiarratais idirthurais.

Ríomhphost: cooperation.dginternazionale.dag@giustizia.it

Teil. +39 06 68852130

- e) ***Airteagal LAW.OTHER 134(7)(e): Fógra i ndáil leis an údarás lárnach atá inniúil as malartú faisnéise arna baint as an taifead coiriúil faoi Theideal IX [Malartú Faisnéise faoi Thaifid Choiriúla] agus as na malartuithe dá dtagraítear in Airteagal 22(2) den Choinbhinsiún Eorpach maidir le Cúnamh Frithpháirteach in Ábhair Choiriúla***

An Ghearmáin

An t-údarás lárnach atá inniúil as malartú faisnéise arna baint as an taifead coiriúil:

Federal Office of Justice (Bundesamt für Justiz)
Division (Referat) IV 2
International matters relating to central registers (Internationale Registerangelegenheiten)
Adenauerallee 99 - 103
D - 53113 BONN

Teil. +49 22899 410 40

Facs. +49 22899 410 5603

Idirlíon: www.bundesjustizamt.de

Ríomhphost: bzr.international@bfj.bund.de

Na húdaráis lárnacha le haghaidh an mhalartaithe dá dtagraítear in Airteagal 22(2) den Choinbhinsiún Eorpach maidir le Cúnamh Frithpháirteach:

Oifig an ionchúisitheora phoiblí sa dúiche inar thug an chúirt inniúil a breithiúnas.

An Ghréig

HELLENIC MINISTRY OF JUSTICE

DEPARTMENT OF CRIMINAL RECORDS

Seoladh: Mesogeion 96, 115 27 Athens – HELLAS

Teil. +30 2131307042

Ríomhphost: ypdipimi@otenet.gr

An Iodáil

Is í an Aireacht Dlí agus Cirt -Ard-Stiúrthóireacht Gnóthaí Baile - Oifig III (Taifid Choiriúla) (*The Ministry of Justice – Directorate General for Internal Affairs – Office III (Criminal Record)*) a bheidh ina húdarás lárnach atá inniúil as malartú faisnéise arna baint as an taifead coiriúil faoi Theideal IX (Malartú Faisnéise faoi Thaifid Choiriúla) de Chuid a trí den Chomhaontú (Forfheidhmiú an Dlí agus Comhar Breithiúnach in Ábhair Choiriúla) agus as na malartuithe dá dtagraítear in Airteagal 22 den Choinbhinsiún Eorpach maidir le Cúnamh Frithpháirteach in Ábhair Choiriúla.

Ríomhphost: casellario.centrale@giustizia.it agus ufficio3grazie.dginterni.dag@giustizia.it

Teil. +39 06 6818912

Facs. +39 06 68807558

- f) ***Airteagal LAW.OTHER 134(7)(f): Fógra i ndáil leis an údarás lárnach atá freagrach faoi Theideal XI [Reo agus Coigistiú] as iarratais a sheoladh agus a fhreagairt, agus as na hiarratais sin a fhorghníomhú nó a tharchur chuig na húdaráis atá inniúil as a bhforghníomhú***

An Ghréig

HELLENIC MINISTRY OF JUSTICE

DIRECTORATE OF SPECIAL LEGAL AFFAIRS

DEPARTMENT OF CRIMINAL LAW

Seoladh: Mesogeion 96, 115 27 Athens – HELLAS

Teil. +30-213-130.7311/7312

Ríomhphost: minjustice.penalaffairs@justice.gr

An Iodáil

Is í an Aireacht Dlí agus Cirt – Ard-Stiúrthóireacht Gnóthaí Idirnáisiúnta agus Comhair Bhreithniúnaigh – Oifig I (Comhar Breithniúnach Idirnáisiúnta) (*The Ministry of Justice – Directorate General for International Affairs and Judicial Cooperation – Office I (International Judicial Cooperation)*) a bheidh ina húdarás atá freagrach as iarratais arna ndéanamh faoi Theideal XI (Reo agus Coigistiú) de Chuid a Trí den Chomhaontú (Forfheidhmiú an Dlí agus Comhar Breithiúnach in Ábhair Choiriúla).

Ríomhphost: cooperation.dginternazionale.dag@giustizia.it

Teil. +39 06 68852130

3. FÓGRAÍ EILE

- a) ***na Ballstáit ar mian leo fógra a thabhairt dá n-údarás lárnach, nó, má fhoráiltear amhlaidh le córas dlí an Bhallstáit ábhartha, dá n-údarás lárnach, cúnamh a thabhairt do na húdaráis bhreithiúnacha atá inniúil as barántas gabhála a eisiúint agus a fhorghníomhú***

Poblacht na Seice

1. Ministry of Justice of the Czech Republic mezinárodní odbor trestní (International Department for Criminal Matters)
Vyšehradská 16
128 10 Praha 2
Teil. +420 221 997 435
Facs: +420 221 997 986
Ríomhphost: mot@msp.justice.cz

An Ghréig

HELLENIC MINISTRY OF JUSTICE

DIRECTORATE OF SPECIAL LEGAL AFFAIRS

DEPARTMENT OF CRIMINAL LAW

Seoladh: Mesogeion 96, 115 27 Athens – HELLAS

Teil. +30 2131307311/7312

Ríomhphost: minjustice.penalaffairs@justice.gr

An Iodáil

Is í an Aireacht Dlí agus Cirt – Ard-Stiúrthóireacht Gnóthaí Idirnáisiúnta agus Comhair Bhreithniúnaigh – Oifig I (Comhar Breithniúnach Idirnáisiúnta) (*The Ministry of Justice – Directorate General for International Affairs and Judicial Cooperation – Office I (International Judicial Cooperation)*) an t-údarás lárnach. Tá an t-údarás lárnach inniúil i ndáil leis na feidhmeanna a leagtar amach in Airteagal LAW.SURR 85(1) and (2). Tabharfaidh an t-údarás lárnach cúnamh do na húdaráis bhreithiúnacha inniúla agus is é a bheidh freagrach as tarchur agus fáil barántas gabhála a riar, mar aon le gach comhfhreagras oifigiúil eile maidir leis sin.

Ríomhphost: cooperation.dginternazionale.dag@giustizia.it

Teil. +39 06 68852130

II. FÓGRAÍ EILE FAOIN gCOMHAONTÚ TRÁDÁLA AGUS COMHAIR

1. FÓGRA FAOI AIRTEAGAL LAW.SURR. 79(4)/AIRTEAGAL LAW.OTHER.134(2)

Tugann an tAontas Eorpach fógra, thar ceann na Stát seo a leanas, nach gcuirfear coinníoll na coiriúlachta dúbailte dá dtagraítear in Airteagal LAW.SURR.79 (2) i bhfeidhm, ar bhonn na cómhálartachta, ar an gcoinníoll gur ceann de na cionta a liostaítear faoi Airteagal LAW.SURR 79 (5) é an cion a bhfuil an barántas bunaithe air, de réir mar a shainítear é i ndlí an Stáit eisiúna agus atá inphionóis sa stát eisiúna le pianbhreith choimeáda nó le hordú coinneála le haghaidh uastréimhse 3 bliana ar a laghad:

An Bheilg, Éire, an Ghréig, an Fhrainc, an Iodáil, an Chipir, an Liotuáin, Lucsamburg, an Ungáir, an Ísiltír ⁽¹⁾, an Ostair, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin.

⁽¹⁾ Meabhraítear nach bhfuil feidhm, i gcomhréir le hAirteagal FINPROV.1, ag an gComhaontú Trádála agus Comhair maidir le cuid Mhuir Chairib den Ísiltír (Bonaire, Saba, Sint Eustatius) ná maidir leis na tíortha uathrialacha i Ríocht na hÍsiltíre (Aruba, Curaçao, Sint Maarten).

2. FÓGRA FAOI AIRTEAGAL LAW.SURR. 82(2) / AIRTEAGAL LAW.OTHER.134(1)

Tugann an tAontas Eorpach fógra, thar ceann na mBallstát seo a leanas, nach gcuirfear mír 1 d'Airteagal LAW.SURR.82 i bhfeidhm ach maidir leis an méid seo a leanas:

- a) na cionta dá dtagraítear in Airteagail 1 agus 2 den Choinbhinsiún Eorpach chun Sceimhliú a Dhíchur;
- b) cionta comhcheilge nó comhlachais cion amháin nó níos mó ná cion amháin de na cionta a dhéanamh dá dtagraítear in Airteagail 1 agus 2 den Choinbhinsiún Eorpach chun Sceimhliú a Dhíchur, má fhreagraíonn na cionta comhcheilge nó comhlachais sin don tuairisc ar iompar dá dtagraítear in Airteagal LAW.SURR.79(3); agus
- c) an sceimhlitheoireacht mar a shainmhínítear in IARSCRÍBHINN LAW-7 den Chomhaontú seo í:

An Bheilg, Poblacht na Seice, an Danmhairg, an Fhrainc, an Chróit, an Iodáil, an Chipir, an Pholainn, an Phortaingéil, an tSlóvaic, an Fhionlainn, an tSualainn.

Cuireann an tAontas Eorpach in iúl don Ríocht Aontaithe gur chuir na Ballstáit seo a leanas in iúl nach bhfuil sé ar intinn acu fógra a thabhairt faoi Airteagal LAW.SURR.82(2) ⁽²⁾:

An Bhulgáir, an Ghearmáin, Éire, an Ghréig, an Spáinn, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, an Ungáir, Málta, an Ísiltír, an Ostair, an Rómáin, an tSlóivéin.

3. FÓGRA FAOI AIRTEAGAL LAW.SURR. 83(2) / AIRTEAGAL LAW.OTHER.134(1)

Tugann an tAontas Eorpach, thar ceann na mBallstát seo a leanas, na fógraí seo a leanas:

Ní thabharfaidh na Stáit seo a leanas suas a náisiúnaigh féin: an Ghearmáin, an Ghréig, an Fhrainc, an Chróit, an Laitvia, an Pholainn, an tSlóivéin, an tSlóvaic, an Fhionlainn, an tSualainn.

Ní thabharfaidh an Fhrainc duine suas ar náisiúnach Francach é an tráth a rinneadh an gníomh.

Leagann na Stáit seo a leanas síos coinníollacha chun a náisiúnaigh féin a thabhairt suas:

An Bhulgáir: Ní údarófar a saoránaigh a thabhairt suas ach amháin ar bhonn na cómhalmartachta.

Ní thabharfaidh Poblacht na Seice ná an Ostair suas a náisiúnaigh féin ach amháin má thóilíonn an duine iarrtha leis an tabhairt suas.

An Danmhairg: Féadtar diúltú duine a thabhairt suas más náisiúnach Danmhargach é an duine atá á lorg agus nach féidir príosúnacht ná cailleadh saoirse eile is faide ná ceithre bliana a bheith mar thoradh ar an gcion is inphionóis faoi dhlí na Danmhairge.

Ní dhiúltófar duine a thabhairt suas ar na forais sin más rud é go raibh an duine iarrtha ina chónaí ar chríoch na Ríochta Aontaithe le 2 bhliain anuas roimh an gcion agus gur féidir an cion a phionósú le príosúnacht ar feadh bliana ar a laghad faoi dhlí na Danmhairge.

Tá sé mar choinníoll go dtabharfaidh an Ríocht Aontaithe suas a náisiúnaigh féin freisin. Mura dtabharfaidh, cinntídh na cúirteanna de réir an cháis an bhfuil tosca sonracha forfheidhmithe dlí ann chun an duine a thabhairt suas.

An Eastóin: Ní thugann an Eastóin a saoránaigh suas ach amháin faoi choinníollacha áirithe. Ní thabharfaidh an Eastóin suas saoránaigh Eastónacha chun críoch forghníomhú príosúnachta má rinne an duine iarratas chun an pionós a fhorghníomhú san Eastóin. Ní thabharfaidh an Eastóin suas a saoránaigh a bhfuil buanchónaí orthu san Eastóin le linn thréimhse na n-imeachtaí coiriúla ach amháin ar an gcoinníoll gur san Eastóin a fhorfheidhmeofar an pionós a fhorchuirfear ar an duine sa Ríocht Aontaithe.

An Chipir: Údarófar saoránaigh de chuid Phoblacht na Cipire a thabhairt suas ar bhonn na cómhalmartachta.

⁽²⁾ Gan dochar don fhéidearthacht faoi Airteagal LAW.SURR.82(3).

An Liotuáin: Údarófar saoránaigh de chuid Phoblacht na Liotuáine a thabhairt suas ar bhonn na cómhálartachta. Má eisítear barántas gabhála chun críocha ionchúisimh choiriúil, déanfar saoránach de chuid Phoblacht na Liotuáine a thabhairt suas ar an gcoinníoll go ndéanfar an duine sin a aistriú ar ais chuig Poblacht na Liotuáine, ach breith a bheith tugtha ag an gcúirt sa tír a d'eisigh an barántas gabhála, chun an phianbhreith choimeádta a chomhlíonadh, más rud é go n-iarrann an duine lena mbaineann nó Oifig Ionchúisitheora Phoiblí Phoblacht na Liotuáine amhlaidh.

Lucsamburg: Údarófar a náisiúnaigh a thabhairt suas:

- i) ar bhonn na cómhálartachta, agus
- ii) ar an gcoinníoll go gcuirfear an duine iarrtha ar ais go dtí Ard-Diúcacht Lucsamburg, arna iarraidh sin dó nó di agus le comhaontú Ard-Ionchúisitheoir Ard-Diúcacht Lucsamburg, chun an phianbhreith choimeádta nó an t-ordú coinneála a gearradh sa Stát eisiúna a chur isteach, agus ar an gcoinníoll sin amháin.

An Ungáir: I gcás inar náisiúnach den Ungáir nó cónaitheoir san Ungáir an duine is ábhar do bharántas gabhála chun críocha ionchúisimh, ní dhéanfar an duine iarrtha a thabhairt suas ach amháin má thugann an t-údarás breithiúnach eisiúna ráthaíocht leordhóthanach go bhfillfear an duine iarrtha ar an Ungáir, arna iarraidh sin dó nó di, má fhorchuirtear pianbhreith choimeádta chríochnaitheach nó ordú coinneála chríochnaitheach, chun an phianbhreith choimeádta nó an t-ordú coinneála a tugadh ina leith sa Stát eisiúna a chomhlíonadh.

Málta: Údarófar a saoránaigh a thabhairt suas ar bhonn na cómhálartachta agus ar an mbonn sin amháin.

An Ísiltír (?): Ní údaraítear tabhairt suas tar éis barántas gabhála chun críche ionchúisimh i gcás iarraidh ar náisiúnach Ísiltíreach a thabhairt suas.

Féadfar náisiúnaigh Ísiltíreacha a thabhairt suas, chun críocha ionchúiseamh coiriúil a sheoladh, ar an gcoinníoll go n-eiseoidh an Stát eisiúna ráthaíocht go ndéanfar an duine atá iarrtha, i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún maidir le hAistriú Daoine faoi Phianbhreith, arna thabhairt i gcrích an 21 Márta 1983 in Strasbourg, a aistriú ar ais chuig an Ísiltír d'fhonn an phianbhreith a chomhlíonadh tar éis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 11 den Choinbhinsiún a leanúint, má tugadh pianbhreith neamhfhionraithe choimeádta nó ordú coinneála ina leith tar éis dó a bheith tugtha suas.

An Phortaingéil: Dearbhaíonn Poblacht na Portaingéile nach ndéanann sí, chun críche Airteagal LAW.SURR.83 den Chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe, a náisiúnaigh a thabhairt suas ach ar bhonn cómhálartachta agus faoi na coinníollacha seo a leanas:

- i) i gcásanna sceimhlitheoireachta agus coireachta eagraithe idirnáisiúnta; agus
- ii) chun críoch imeachtaí coiriúla agus ar choinníoll go dtabharfaidh an Stát iarrthach dearbhuithe go ndéanfaidh sé an duine a tugadh suas a chur ar ais chuig Poblacht na Portaingéile chun gur sa Phortaingéil a dhéanfaidh an duine sin an smachtbhanna nó an beart a d'fhéadfaí a fhorchur air ar deireadh a sheirbheáil, a luaithe a dhéanfar an phianbhreith a athbhreithniú agus a dhearbhuí i gcomhréir le dlí na Portaingéile, mura rud é go ndiúltoídh an duine a tugadh suas go sainráite go gcuirfí ar ais é.

An Rómáin: Déanfar náisiúnaigh a thabhairt suas chun críche imscrúdaithe/ionchúisimh ar an gcoinníoll go n-aistrefar an duine a thugtar suas ar ais chun na Rómáine i gcás ina dtugtar pianbhreith choimeádta.

Más amhlaidh a eisíodh an barántas gabhála chun críoch pianbhreith choimeádta nó beart lena mbaineann cailleadh saoirse a fhorfheidhmiú, diúltófar an duine a thabhairt suas más náisiúnach Rómánach an duine iarrtha agus má dhearbhaíonn sé/sí go ndiúltaíonn sé/sí d'fhorfheidhmiú na pianbhreithe sa stát eisiúna. Sa chás sin, aithneofar an breithiúnas sa Rómáin.

Cuireann an tAontas Eorpach in iúl don Ríocht Aontaithe gur chuir na Ballstáit seo a leanas in iúl nach ndéanfaidh siad aon fhógra a thabhairt faoi Airteagal LAW.SURR.83(2) (*):

An Bheilg, Éire, an Spáinn, an Iodáil.

(*) Meabhraítear nach bhfuil feidhm, i gcomhréir le hAirteagal FINPROV.1, ag an gComhaontú Trádála agus Comhair maidir le cuid Mhuir Chairib den Ísiltír (Bonaire, Saba, Sint Eustatius) ná maidir leis na tíortha uathrialacha i Ríocht na hÍsiltíre (Aruba, Curaçao, Sint Maarten).

(*) Gan dochar don fhéidearthacht faoin tríú habairt d'Airteagal LAW.SURR.83(2).

4. FÓGRA FAOI AIRTEAGAL LAW.SURR. 86 (2) / AIRTEAGAL LAW.OTHER.134 (2)

Tugann an tAontas Eorpach na fógraí seo a leanas, thar ceann na mBallstát seo a leanas, maidir le glacadh le barántas gabhála arna eisiúint nó arna aistriú i gceann amháin nó níos mó de theangacha na Stát:

Glacann an Danmhairg le barántais ghabhála i mBéarla chomh maith le Danmhairgis.

Aithneoidh an Ghearmáin barántas gabhála i mBéarla, má tá an Ríocht Aontaithe sásta, dá páirt, glacadh le barántas gabhála arna eisiúint ag údaráis bhreithiúnacha na Gearmáine i nGearmáinis.

Glacann an Eastóin le barántais ghabhála i mBéarla chomh maith le hEastóinis.

An Chróit: I gcásanna práinneacha, glacfaidh an Chróit le barántais ghabhála i mBéarla, má tá an Ríocht Aontaithe sásta, dá páirt, glacadh le barántais ghabhála arna n-eisiúint ag an gCróit i gCróitis.

Glacann Lucsamburg le barántais ghabhála i mBéarla chomh maith le Fraincis agus Gearmáinis.

An Ungáir – i gcásanna cómhalartachta – glacfaidh sí le barántais ghabhála i mBéarla chomh maith le hUngáiris, má tá an Ríocht Aontaithe sásta, dá páirt, glacadh le barántais ghabhála arna n-eisiúint ag an Ungáir in Ungáiris.

Glacann an Ísiltír ⁽ⁱ⁾ le barántais ghabhála i mBéarla chomh maith le hOllainnis.

Aithneoidh an Ostair barántas gabhála i mBéarla, má tá an Ríocht Aontaithe sásta, dá páirt, glacadh le barántas gabhála arna eisiúint ag údaráis bhreithiúnacha na hOstaire i nGearmáinis.

Glacann an Rómáin le barántais ghabhála i mBéarla nó i bhFraincis chomh maith le Rómáinis.

Glacann an Fhionlainn le barántais ghabhála i mBéarla chomh maith le Fionlainnis agus Sualainnis.

5. FÓGRA FAOI AIRTEAGAL LAW.SURR.91(4) / AIRTEAGAL LAW.OTHER.134(1)

Tugann an tAontas Eorpach fógra, thar ceann na mBallstát seo a leanas, gur mian leo dul ar iontaoibh na féidearthachta faoin dara habairt d'Airteagal LAW.SURR.91(4), lena sonraítear na nósanna imeachta inar féidir an toiliú a chúlghairm:

An Bhulgáir: D'fhéadfaí toiliú maidir le tabhairt suas a chúlghairm laistigh de thrí lá tar éis a thabhartha os comhair an údaráis bhreithiúnaigh fhorghníomhaigh. I gcás ina ndéanann an duine iarrtha a thoiliú nó a toiliú a chúlghairm, leanann na nósanna imeachta um thabhairt suas i gcomhréir le forálacha ginearálta an Achta um Eiseachadadh agus Barántas Gabhála Eorpach.

An Danmhairg: Féadtar toiliú le tabhairt suas a chúlghairm i gcomhréir le dlí na Danmhairge. Ciallaíonn sé sin gur féidir toiliú a chúlghairm tráth ar bith go dtí go mbíonn an tabhairt suas curtha i gcrích.

An Spáinn: Féadfar an toiliú a chúlghairm tráth ar bith go dtí go mbeidh an cinneadh ón gcúirt críochnaitheach.

An Ostair: Féadfaidh an duine lena mbaineann leigheas a chomhdú i gcoinne chinneadh na cúirte é/í a thabhairt suas i ngeall ar a thoil/toil laistigh de thrí lá d'fhógra a fháil faoi chinneadh na cúirte. Le comhdú an leighis, beidh sé intuigthe go bhfuil an toiliú le tabhairt suas á chúlghairm.

An Fhionlainn: Féadfar an toiliú maidir le tabhairt suas, tréigean sainráite na teidlíochta chuig riail na speisialtachta agus toiliú do thabhairt suas fhéideartha ina dhiaidh sin a chúlghairm go dtí go bhforfheidhmeofar an cinneadh maidir le tabhairt suas. Má chúlghairtear an toiliú chun tabhairt suas, cuirfidh an chúirt an t-ábhar tabhartha suas chun a bhreithnithe.

Ceadóidh an tSualainn cúlghairm an toilithe maidir le tabhairt suas chomh maith le cúlghairm thréigean na teidlíochta do riail na speisialtachta. I gcomhréir le prionsabail ghinearálta an dlí nós imeachta, déanfar cúlghairm toilithe don tabhairt suas a bhreithniú má dhéantar sin sula ndéantar an cinneadh maidir le tabhairt suas. Déanfar cúlghairm ar thréigean teidlíochta do riail na speisialtachta a bhreithniú má dhéantar sin sula ndéantar an cinneadh maidir le tabhairt suas a fhorghníomhú.

Cuireann an tAontas Eorpach in iúl don Ríocht Aontaithe gur chuir na Ballstáit seo a leanas in iúl nach dtabharfaidh siad aon fhógra faoi Airteagal LAW.SURR.91(4):

an Bheilg, Poblacht na Seice, an Ghearmáin, Éire, an Ghréig, an Fhrainc, an Chróit, an Iodáil, an Chipir, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, an Ungáir, Málta, an Ísiltír, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSlóivéin, an tSlóvaic.

⁽ⁱ⁾ Meabhraítear nach bhfuil feidhm, i gcomhréir le hAirteagal FINPROV.1, ag an gComhaontú Trádála agus Comhair maidir le cuid Mhuir Chairib den Ísiltír (Bonaire, Saba, Sint Eustatius) ná maidir leis na tíortha uathrialacha i Ríocht na hÍsiltíre (Aruba, Curaçao, Sint Maarten).

6. FÓGRA FAOI AIRTEAGAL LAW.SURR. 105(1) / AIRTEAGAL LAW.OTHER.134(2)

Tugann an tAontas Eorpach fógra, thar ceann na mBallstát seo a leanas, go dtoimhdítear, ar bhonn na cómhálartachta, go bhfuil toiliú tugtha maidir le duine a ionchúiseamh, maidir le pianbhreith a thabhairt ina leith nó maidir lena choinneáil d'fhonn pianbhreith choimeádta nó ordú coinneála a chur i gcrích i ndáil le cion a rinneadh sular tugadh an duine suas, seachas an cion dár tugadh suas an duine, ach amháin má dhearbhaíonn an t-údarás breithiúnach forghníomhaitheach a mhalairt, i gcás ar leith, ina chinneadh maidir le tabhairt suas:

Málta, an Ostair, an Rómáin.

7. FÓGRA FAOI AIRTEAGAL LAW.SURR. 106(1) / AIRTEAGAL LAW.OTHER.134(2)

Tugann an tAontas Eorpach fógra, thar ceann na mBallstát seo a leanas, go dtoimhdítear, i gcaidreamh le Stáit eile a bhfuil feidhm ag an bhfógra céanna ina leith, go bhfuil toiliú tugtha maidir le duine a thabhairt suas do Stát seachas an Stát forghníomhaitheach de bhun barántas gabhála arna eisiúint i leith cion a rinneadh sular tugadh an duine sin suas, ach amháin má dhearbhaíonn an t-údarás breithiúnach forghníomhaitheach a mhalairt, i gcás ar leith, ina chinneadh maidir le tabhairt suas:

Málta, an Ostair, an Rómáin.

8. FÓGRA FAOI AIRTEAGAL LAW.CONFISC.4(4) / AIRTEAGAL LAW.OTHER.134(2)

Tugann an tAontas Eorpach fógra, thar ceann na mBallstát seo a leanas, go leathnófar Airteagal LAW.CONFISC.4 chuig cuntais arna sealbhú in institiúidí airgeadais nach bainc iad, faoi réir phrionsabal na cómhálartachta:

An Bheilg*, Poblacht na Seice, an Danmhairg, an Ghréig, an Iodáil, an Ungáir, Málta, an Ísiltír, an Ostair, an Pholainn, an Phortaingéil*, an tSlóvaic.

* An Bheilg: Féadfaidh údaráis bhreithiúnacha na Beilge an cúnamh iarrtha a chur ar fáil freisin maidir le cuntais atá á gcoimeád in institiúidí airgeadais nach bainc iad, ar bhonn cómhálartachta, agus a mhéid is féidir bearta comhchosúla nó faisnéis iarrtha a dhéanamh nó a fháil i gcás baile comhchosúil faoin reachtaíocht náisiúnta, go háirithe i gcomhréir le hAirteagal 46quater den chód nós imeachta coiriúil.

* An Phortaingéil: Dearbhaíonn Poblacht na Portaingéile go bhfuil sí toilteanach, ar bhonn cómhálartachta, bearta a dhéanamh agus sonraí a chur ar fáil freisin maidir le cuntais arna gcoimeád in institiúidí airgeadais nach bainc iad dá n-údarófaí forghníomhú an bhirt imscrúdaithe i gcás baile comhchosúil.

9. FÓGRA FAOI AIRTEAGAL LAW.CONFISC.5(5) / AIRTEAGAL LAW.OTHER.134(2)

Tugann an tAontas Eorpach fógra, thar ceann na mBallstát seo a leanas, go leathnófar Airteagal LAW.CONFISC.5 chuig cuntais arna sealbhú in institiúidí airgeadais nach bainc iad, faoi réir phrionsabal na cómhálartachta:

An Bheilg*, Poblacht na Seice, an Danmhairg, an Ghréig, an Iodáil, an Ungáir, Málta, an Ísiltír, an Ostair, an Pholainn, an Phortaingéil*, an tSlóvaic.

* An Bheilg: Féadfaidh údaráis bhreithiúnacha na Beilge an cúnamh iarrtha a chur ar fáil freisin maidir le cuntais atá á gcoimeád in institiúidí airgeadais nach bainc iad, ar bhonn cómhálartachta, agus a mhéid is féidir bearta comhchosúla nó faisnéis iarrtha a dhéanamh nó a fháil i gcás baile comhchosúil faoin reachtaíocht náisiúnta, go háirithe i gcomhréir le hAirteagal 46quater den chód nós imeachta coiriúil.

* An Phortaingéil: Dearbhaíonn Poblacht na Portaingéile go bhfuil sí toilteanach, ar bhonn cómhálartachta, sonraí a chur ar fáil faoi idirbhearta baincéireachta freisin maidir le cuntais arna gcoimeád in institiúidí airgeadais nach bainc iad dá n-údarófaí cur i ngníomh an bhirt imscrúdaithe i gcás baile comhchosúil.

10. FÓGRA FAOI AIRTEAGAL LAW.CONFISC 6 / AIRTEAGAL LAW.OTHER.134(2)

Tugann an tAontas Eorpach fógra, thar ceann na mBallstát seo a leanas, go leathnófar Airteagal LAW.CONFISC.6 chuig cuntais arna sealbhú in institiúidí airgeadais nach bainc iad, faoi réir phrionsabal na cómhálartachta:

An Bheilg*, Poblacht na Seice*, an Danmhairg, an Ghréig, an Iodáil, an Ungáir, Málta, an Ísiltír, an Ostair, an Pholainn, an Phortaingéil*.

- * An Bheilg: Féadfaidh údarais bhreithiúnacha na Beilge an cúnamh iarrtha a chur ar fáil freisin maidir le cuntais atá á gcoimeád in institiúidí airgeadais nach baineann iad, ar bhonn cómhálartachta, agus a mhéid is féidir bearta comhchosúla nó faisnéis iarrtha a dhéanamh nó a fháil i gcás baile comhchosúil faoin reachtaíocht náisiúnta, go háirithe i gcomhréir le hAirteagal 46^{quater} den chód nós imeachta coiriúil.
- * Poblacht na Seice: níl feidhm aige ach amháin maidir le cuntais choigiltis agus cuntais i gcomharchumainn chreidmheasa agus i gcuntais le duine atá údaraithe chun ionstraimí infheistíochta nó urrúis i gcuntais reatha a chlárú.
- * An Phortaingéil: Dearbhaíonn Poblacht na Portaingéile go bhfuil sí toilteanach, ar bhonn cómhálartachta, faireachán a dhéanamh ar na torthaí, agus iad a chur in iúl, freisin maidir le cuntais arna gcoimeád in institiúidí airgeadais nach baineann iad dá n-údarófaí cur i ngníomh an bhirt imscrúdaithe i gcás baile comhchosúil.

11. FÓGRA FAOI AIRTEAGAL LAW.CONFISC.15(2) / AIRTEAGAL LAW.OTHER.134(2)

Tugann an tAontas Eorpach fógra, thar ceann na mBallstát a leanas, nach gcuirfear i bhfeidhm, ar bhonn na cómhálartachta, an coinníoll maidir le coiriúlacht dhúbailte dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal LAW.CONFISC.15 (1) ar an gcoinníoll

- a) gur ceann de na cionta a liostaítear in Airteagal LAW.SURR.79(4) é an cion is cúis leis an iarratas, mar a shainmhínítear le dlí an Stáit iarrthaigh, agus
- b) gur cion inphionóis é sa Stát iarrthach le pianbhreith choimeádta nó ordú coinneála le haghaidh uastréimhse trí bliana ar a laghad:

An Bheilg, Éire, an Ghréig, an Spáinn, an Fhrainc, an Iodáil, an Laitvia, an Liotuáin, an Ostair, an Pholainn, an Phortaingéil.

12. FÓGRA FAOI AIRTEAGAL LAW. CONFISC.23 (3) / AIRTEAGAL LAW.OTHER.134 (2)

Tugann an tAontas Eorpach fógra, thar ceann na mBallstát seo a leanas, maidir leis an teanga nó na teangacha seo a leanas a fhéadfar, sa bhreis ar theanga oifigiúil nó teangacha oifigiúla an Bhallstáit sin, a úsáid chun iarratais a dhéanamh faoi Theideal a haon déag den Chomhaontú seo:

An Eastóin: Béarla.

An Chróit: I gcásanna práinneacha, Béarla má tá an Ríocht Aontaithe sásta, dá páirt, glacadh le Cróitis freisin.

An Chipir: Béarla.

Lucsamburg: Béarla.

An Ungáir: Béarla má tá an Ríocht Aontaithe sásta, dá páirt, glacadh le hUngáiris freisin.

An Ísiltír ⁽⁶⁾: Béarla.

An Ostair: Béarla má tá an Ríocht Aontaithe sásta, dá páirt, glacadh le Gearmáinis freisin.

An Rómáin: Béarla agus Fraincis.

13. FÓGRA FAOI AIRTEAGAL LAW.CONFISC.23 (7) / AIRTEAGAL LAW.OTHER. 134(2) NA BALLSTÁIT A CHEANGLAÍONN GO N-AISTREOFAR AON DOICIMÉID LENA dTACAÍTEAR LEIS AN IARRATAS GO CEANN DÁ dTEANGACHA OIFIGIÚLA NÓ GO TEANGA OIFIGIÚIL EILE DE CHUID AN AONTAIS:

Tugann an tAontas Eorpach fógra, thar ceann na mBallstát seo a leanas, go gceanglaíonn an Ballstát go ndéanfaí aon doiciméid tacaíochta a aistriú go ceann de theangacha oifigiúla an Bhallstáit iarrtha nó go haon teanga eile arna sonrú i gcomhréir le hAirteagal LAW.CONFISC.23(3):

⁽⁶⁾ Meabhraítear nach bhfuil feidhm, i gcomhréir le hAirteagal FINPROV.1, ag an gComhaontú Trádála agus Comhair maidir le cuid Mhuir Chairib den Ísiltír (Bonaire, Saba, Sint Eustatius) ná maidir leis na tíortha uathrialacha i Ríocht na hÍsiltíre (Aruba, Curaçao, Sint Maarten).

An Bhulgáir, Poblacht na Seice, an Danmhairg, an Ghearmáin, Éire, an Ghréig, an Spáinn, an Chróit*, an Iodáil, an Chipir ⁽⁷⁾, an Laitvia, an Liotuáin, an Ungáir*, an Ostair*, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin ⁽⁸⁾, an tSlóvaic.

- * An Chróit: Aistreofar an doiciméadacht go Cróitis, ach i gcásanna práinneacha, glacfar le doiciméadacht i mBéarla, má tá an Ríocht Aontaithe sásta, dá páirt, glacadh le doiciméadacht a thacaíonn le hiarraidh ón gCróit i gCróitis.
- * Iarrann an Ungáir gur in Ungáiris nó i mBéarla a bheadh na doiciméid má tá an Ríocht Aontaithe sásta, dá páirt, glacadh le hUngáiris.
- * Iarrann an Ostair gur i nGearmáinis nó i mBéarla a bheadh na doiciméid má tá an Ríocht Aontaithe sásta, dá páirt, glacadh le Gearmáinis.

Iarrann an Eastóin gur in Eastóinis nó i mBéarla a bheadh na doiciméid.

⁽⁷⁾ i.e. Gréigis agus Béarla

⁽⁸⁾ i.e. Rómáinis, Béarla nó Fraincis